

Caibidil 3

Bád Seoil agus Bád Mótair – Uiscebhealaí Intíre



Is éard atá sna huiscebhealaí intíre ná na codanna inseolta de na haibhneacha níos mó, gréasán de na canálacha agus lochanna. Go ginearálta ní bhíonn na coinníollacha sna huiscebhealaí intíre chomh crua leis na coinníollacha a bhíonn sna réigiúin chósta. Mar sin féin, baineann guaiseacha agus deacrachtaí dá gcuid féin leo ar nós loic, coraí oscailte, sreabha láidre i spásanna comhdhúnta, droichid chúnga, uisce éadomhain a bheag nó a mhór, agus i gcás na lochanna níos mó, bíonn tionchar ag fórsaí suntasacha toinne agus gaoithe orthu, coinníollacha a chruthaíonn contúirt d'árthaí beaga uaireanta. Chun críocha an Chóid seo, tagraíonn uiscebhealaí intíre d'uiscí gan taoide agus/nó d'fhionnuisce.

Tá roinnt údarás éagsúil le ról in uiscebhealaí intíre inseolta sa Stát a bhainistiú. Liostaítear roinnt acu thíos:

Is comhlacht Thuaidh/Theas é **Uiscebhealaí Éireann** atá freagrach as breis is 1,000 km d'uiscebhealaí inseolta intíre a bhainistiú, a chothabháil, a fhorbairt agus a athshlánú, chun críche áineasa go príomha. Tugann Fógra Mara Speisialta Uimh. 1, a eisiónn Uiscebhealaí Éireann gach bliain, forléargas ar threoirínte ginearálta i gcomhair na n-uiscebhealaí intíre a thagann faoina gcúram.

Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Uiscebhealach an Bhearbha
- An Chanáil Mhór
- An Chanáil Ríoga
- Uiscebhealach na Sionainne – na hÉirne
- Uiscebhealach na Sionainne

Tá **Iontaobhaithe**

Loingseoireachta na Coiribe

freagrach as na huiscebhealaí intíre seo a leanas:

- Córas na Coiribe
- Córas Canála Eglinton

Tá **An Taisce** freagrach as Uiscebhealach na Bóinne.

Tá **Comhairle Contae Chiarraí**

freagrach as Canáil Loinge Thrá Lí.

Féadtar uiscebhealaí eile a bheith faoi riarachán an údarás áitiúil/comhairle contae cuí. Seiceáil go díreach leo i gcomhair tuilleadh sonraí.

3.1 Oiliúint

Moltar go bhfaigheann daoine a bhíonn ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí le báid seoil agus báid mhótair oiliúint fheiliúnach. Tá roinnt scéimeanna oiliúna agus cúrsaí ceadaithe ar fáil agus is féidir faisnéis a fháil go díreach ó na soláthraithe cúrsa.

Chun críche an chóid seo, rangaítear báid seoil agus

mótarbháid i sé chatagóir, agus as na catagóirí sin tagraíonn ceithre cinn d'uiscí cósta agus áirítear iad i gCaibidil 2. Pléitear an dá chatagóir eile sa Chaibidil seo.

3.2 Íosmhéid de threalamh sábháilteachta molta – Uiscí Intíre

Ba cheart go mbeadh a fhios ag úinéirí bád faoin gcatagóir lena mbaineann a árthaigh, bunaithe ar an úsáid atá le baint as agus an ceantar a bheidh sé in úsáid ann, mar aon le bheith cinnte go bhfuil an trealamh sábháilteachta atá riachtanach ar an mbád. Tá liosta de agus cur síos ar dhá chatagóir árthaigh sna hailt a leanas. Molann Tábla F cineál agus méid an trealaimh ar cheart d'árthach a iompar, ina réimsí feidhmithe féin.

3.2.1 Catagóir E

Árthaí:

- Atá in ann feidhmiú ar na lochanna nochta níos mó i ndroch-choinníollacha aimsire;
- Go bhfuil cóiríocht orthu, agus ar féidir fanacht iontu thar oíche.
- Ar féidir leo dul ar aistir fhada.

3.2.2 Catagóir F

Árthaí:

- Atá ina mbáid oscailte gan fhoscadh ar bith do na daoine ar bord, agus de ghnáth bíonn siad níos lú ná 7 méadar ar fad.
- A fheidhmíonn go háitiúil ar aibhneacha agus codanna de lochanna atá faoi fhothain.

3.3 Seicliosta de Threalamh Sábháilteachta

Leagann Tábla F amach cineál agus méid an trealamh mholta ar cheart d'árthach a iompar de réir a chatagóire. Ba chóir féachaint ar an leibhéal trealamh mholta mar íosmhéid. Moltar d'úinéirí báid a threalmhú ar chaighdeán níos airde.

Ba chóir go gcuirfeadh mairnéalaigh múchtóir dóiteáin agus VHF láimhe sa chúideic ionas go mbíonn fáil éasca orthu i gcás éigeandála agus ionas nach gcaithfeadh dul faoin deic chun iad a fháil.

Tábla F: Bád seoil agus bád mótair – Intíre

Cineál Trealamh	Catagóir Árthaigh agus an Méid Trealamh	
	E	F
1. Trealamh tarrthála agus trealamh sábháilteachta pearsanta		
1.1 GSP/seaicéad tarrthála de 100 Newton ar a laghad do gach duine ar bord (féach Aguisín 5).	✓	✓
1.2 Éadach feiliúnach.	✓	✓
1.3 Téad tarraingthe/mála caithimh snámhaigh.	✓	
1.4 Crios tarrthála de chineál crú capaill le solas air.	✓	
1.5 Crúca báid (teileascópach/crann socraithe fada).	✓	✓
1.6 Dréimire le dul ar bord.	✓	
2. Bladhmana (iad uile a bheith laistigh den dáta éaga agus treoracha an déantóra le leanúint – féach Caibidil 11)		
2.1 Ceanastair chomharthaíochta le deatach oráiste.	(3)	(3)
2.2 Bladhmana guaise láimhe.	(3)	(3)
2.3 Bladhmana roicéid guaise dearga.	(3)	(3)

3. Comhrac Dóiteáin	E	F
3.1 Blaincéad dóiteáin – le marc CE air.	✓	
3.2 Múchtóirí dóiteáin sa bhreis ar mhúchtóir feiliúnach le dul i ngleic le tinte ola i spásanna innill nó buicéad dóiteáin.*	(2)	
3.3 Beidh na cócaireáin/téitheoirí uile atá ag úsáid Gás Peitriiliam Leachtach (GPL) á shuiteáil mar atá léirithe i bhFógra Mara Uimh. 37 de 2017.	✓	

* Ná himscar an buicéad thar bord fad is atá an bád ag gluaiseacht.

4. Trealamh Loingseoireachta	E	F
4.1 Compás Stiúrtha.	✓	
4.2 Bonnán ceo, ceann cumhachtaithe nó ceann aerasóil.	✓	✓
4.3 Déshúiligh.	✓	
4.4 Uirlisí líníochta loingseoireachta, rialóir comhthreomhar, rannadóirí nó uirlis rianaithe.	✓	
4.5 Soilse loingseoireachta mar atá ag teastáil de réir fhaid an bháid.	✓	✓
4.6 Cairteacha agus/nó treoracha loingseoireachta cuí agus cothrom le dáta i gcomhair cúrsála.	✓	

5. Caidéalú Bodharuisce	E	F
5.1 Caidéal bodharuisce láimhe/leictreach atá in ann bodharuisce a chaidéalú as urrann uiscdhíonach cabhlach ar bith agus na haistí ar fad dúnta.	✓	✓
5.2 Ba cheart pacáiste deisiúcháin iomláin amháin, trealamh breise san áireamh, a iompar.	✓	
5.3 Buicéad feistithe le láinnéar téide (Ná bain úsáid as an mbuicéad thar bord nuair atá an bád ag gluaiseacht).	✓	

5. Caidéalú Bodharuisce	E	F
5.4 Tá comhlaí aonraithe le fearastú ar na feistithe uile a théann tríd an gcabhail.	✓	
5.5 Stopalláin bharrchaola déanta de bhogadhmaid suite cóngarach leis na fearais faoi uisce a théann tríd an gcabhail.	✓	

6. Ancairí agus Téada Tarraingthe	E	F
6.1 Ancaire le slabhra/téad, mar is cuí do mhéid an árthaigh agus coinníollacha grinneall coinneála an limistéir oibriúcháin.	✓	(ancaire infhillte)
6.2 Ba chóir go mbeadh cluas deice/cuaille Samson athneartaithe go feiliúnach ar an mbord tosaigh, agus bréidín tosaigh nó téada cuí le húsáid i mbun ancaireachta.	✓	✓
6.3 Soláthar feiliúnach de théada tarraingthe agus fiondair. Ba cheart go mbeadh téada tarraingthe anseo freisin más gá an t-árthach a tharraingt ar cheann téide.	✓	✓



7. Trealamh Ginearálta	E	F
7.1 Modhanna stiúrtha éigeandála, .i. halmadóir do shoithí le roth stiúrtha mar a bpríomhmhodh stiúrtha.	✓	
7.2 Tóirse uiscedhíonach.	✓	✓
7.3 Fearas uirlise agus páirteanna breise feiliúnacha don chineál áirtheaigh atá in úsáid.	✓	✓
7.4 Modhanna tánaisteacha feiliúnacha chun an inneall a thosú, bataire nó an t-inneall a thosaigh de láimh.	✓	
7.5 Trealamh Garchabhrach Cuí.	✓	✓
7.6 Seol Stoirme ar féidir é a rigeáil go tapa, nó gléas chun na seolta atá ann cheana athrú go seolta cúrsa domhain (Luaimh).	✓	
7.7 Maidí Rámha / Glais Rámha / Céaslaí.	✓	✓
7.8 Scian Chúí.	✓	✓
7.9 Lámhleabhair treorach do threalamh riachtanach ar shoithí.	✓	
7.10 Bád freastail dolúbtha nó inséidte.	✓	
7.11 Cártaí lannacha do chomharthaí tarrthála agus guaise.	✓	
7.12 Cód Idirnáisiúnta de Comharthaí Bractach V <i>Tá cabhair uaim.</i>	✓	
8. Trealamh Cumarsáide	E	F
8.1 Raidió VHF (aonad seasta nó lámhe).	✓	✓
8.2 Raidió AM/FM.	✓	

3.4 Slatiascaireacht Báid – Uiscí Intíre

Cé go bhfuil coinníollacha uisce intíre difriúil ó limistéir chósta nó farraige, is féidir leo a bheith chomh contúirteach céanna d'árthaí beaga mar gheall ar an meath tapa áitiúil a d'fhéadfaí teacht ar an aimsir agus ar choinníollacha dromchla. Bhí roinnt bás i measc úsáideoirí bád beag ar ár n-uiscí intíre le blianta beaga anuas.

Is caitheamh aimsire coitianta í an iascaireacht ó bháid bheaga ar aibhneacha agus lochanna intíre níos mó. Go hiondúil, is árthaí de dheardh beag, le bíomáí caola, saorbhord íseal, tiomáinte ag maidí rámha nó innill chrochta a úsáidtear. Go stairiúil, ba bháid adhmaid de dhéantús clinse iad na báid seo. Le blianta beaga anuas, is macasamhlacha snáithíngloine atá ann ina n-áit.

Ní mór do bháid snáithíngloine a tógadh tar éis 1998 an Treoir um Árthaí Áineasa a chomhlíonadh agus ba chóir go mbeadh comhartha agus pláta CE suiteáilte ar gach cabhail.

Tá sé riachtanach nach ndéanann úinéirí mionathrú nó athrú ar bháid óna mbundearadh. D'fhéadfadh le hathruithe dá leithéid cobhsaíocht, tréithe láimhseála nó acmhainn farraige an bháid a chur i gcontúirt. Samplaí dá leithéid de mhionathruithe ná:

- Mionathrú ar shocruithe na suíochán trí shuíochánra sclóine do shlatiasairí a shuiteáil ar

thochtaí nó díreach ar ghunailí;

- Buanrothaí lainseála a shuiteáil ar an transam;
- Innill chrochta a úsáid le rátáil cumhachta níos mó ná rátáil deartha an bháid. Taispeánfar uasrátálacha cumhachta ar phláta CE/TÁÁ an bháid;
- Ag ligean do dhaoine neamhcháilithe deisiúcháin nó athruithe a dhéanamh le hábhair mhíchuí nó mhí-oiriúnacha.

Ba chóir go mbeadh slatiascairí agus oibreoirí bád ar an eolas faoi shrianta cobhsaíochta an bháid. **Ná cuir ualach ná cumhacht rómhór sna báid sin agus bain úsáid as an scothchleachtas seo a leanas ina n-úsáid:**

- Bí ar an eolas faoi réamhaisnéis aimsire an cheantair roimh ré agus seiceáil uirthi go rialta i rith an lae a fhad is atá tú ar an uisce;
- Bí san airdeall ar choinníollacha áitiúla agus contúirtí ar an loch. Más nua don cheantar thú, faigh comhairle áitiúil sula lainseálann tú;
- Caith GSP cuí i gcónaí den chineál a d'fhéadfá a úsáid agus tú ag iascaireacht ach a chuireann snámhacht shásúil ar fáil do dhuine aonair san uisce. Cuir éadaí san áireamh ar nós buataisí ceathrún, buataisí, srl. ar féidir iad a chaitheamh agus tú ag iascaireacht;
- Bí san airdeall ar shonraí teagmhála na seirbhísí áitiúla tarthála;
- Cuir duine atá i dtír ar an eolas

maidir leis na daoine atá ar bord, na háiteanna ina mbeidh sibh ag oibriú, agus amanna lainseála agus fillidh;

- Ná cuir ualach rómhór ar an mbád sa bhreis ar a rátáil deartha;
- Ná húsáid an iomarca cumhachta le hinneall crochta sa bhreis ar uasrátáil cumhachta deartha an bháid;
- Iompair do dhóthain trealamh ancaireachta agus bíodh sé ar fáil go héasca chun an bád a chur ar ancaire go tapa i gcás éigeandála. Déan cleachtadh go rialta!
- Más ag oibriú leat féin atá tú, bí cinnte go bhfuil modh ar fáil chun teacht ar ais ar bord i gcás go dtiteann duine éigin thar bord;
- Déan planáil roimh ré sula n-imíonn tú chun déileáil le meath tapa a d'fhéadfadh a tarlú ar na coinníollacha uisce, mar shampla:
 - o Sainaithean pointí sábháilte tuirlingthe eile;
 - o Seiceáil raon clúdaigh raidió/fóin sa cheantar ina mbeidh tú;
 - o Bí san airdeall ar bháid eile a bheidh sa cheantar;
 - o Seiceáil go bhfuil an trealamh sábháilteachta báid ar fad ansin agus go bhfuil sé ag feidhmiú;
 - o Iompair do dhóthain breosla/páirteanna spártha chun déileáil le héigeandálaí;
 - o Faisnéisigh an criú ar na gníomhartha atá le déanamh i gcásanna éigeandála.

Tá faisnéis maidir le hancaireacht, cobhasíocht agus láimhsiú báid ar fáil

in Aguisín 4

3.5 Cumarsáid

Tá sé molta go mbeadh teileafón raidió VHF ag árthaí uile a bhíonn ag oibriú ar lochanna intíre agus uiscebhealaí. Ba chóir go mbeadh ceallraí an VHF iomlán luchtaithe roimh imeacht. Ba choir d'árthaí breithniú a dhéanamh ar EPIRB nó PLB a iompar ar bord (Féach mír 1.2.11 maidir le Raidióchumarsáid chun tuilleadh faisnéise a fháil ar EPIRB agus PLB).

Ba chóir go mbeadh ceadúnas raidió loinge ag an ártach mar atá eisithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá oibríteoir leis na cáilíochtaí cuí ag teastáil le haghaidh árthaí a bhfuil trealamh raidió á n-iompar acu.

Tá sé molta go mbeadh fón póca iomlán luchtaithe, stóráilte go hidéalach i bpóca nó i ngabhdán uiscédhíonach, ag na hárthaí go léir atá ag oibriú ar lochanna agus uiscebhealaí intíre. Ba chóir don fhón póca a bheith iomlán luchtaithe roimh imeacht.

Tá sé molta go dtógann árthaí ar lochanna agus uiscebhealaí intíre glacadóir GPS chun ligean don ártach a shuíomh a léiriú go cruinn do na seirbhísí cuardaigh agus tarrthála i gcás éigeandála.

Meabhraítear d'úsáideoirí lochanna agus uiscebhealaí intíre nach féidir brath ar VHF an Gharda Cóta nó ar

clúdach fóin póca i lochanna agus uiscebhealaí intíre, go háirithe in áiteanna iargúlta.

Ba chóir trealamh cumarsáide a thástáil go minic chun a chinntiú go n-oibríonn sé i gceart.

3.6 Leathadh de speicis ionracha ag báid ar uiscí intíre

Le blianta beaga anuas, tá roinnt speiceas ionrach flóra agus fána, ar nós an diúilicín riabhach agus an breallach áiseach, tugtha isteach i lochanna agus aibhneacha na hÉireann. Tá drochthionchar ag na speicis seo ar na speicis nádúrtha a bhí ann cheana féin, agus i roinnt mhaith cásanna cuireann siad lena ndíothú.

Teastaíonn clárú ó bháid anois le hoibriú ar go leor lochanna agus uiscebhealaí agus tá srianta ar bháid cuairteoirí. Tá bearta i bhfeidhm, ar chóir d'úinéirí bád a leanúint, chun iomadú speiceas nua inár n-uiscí intíre a theorannú, lena n-áirítear:

- Má tá tú ag taisteal go ceantar nua, fiafraigh roimh ré maidir le haon bhearta rialaithe a d'fhéadfaí a bheith i bhfeidhm ag na húdaráis ábhartha. Mar shampla, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa chás go mbeadh báid/árthaí uisce chun a bheith in úsáid i bPáirc Náisiúnta nó Anaclann Dúlra, tá seans go mbeadh ceadúnas ag teastáil;

- Glan/nigh do bhád, inneall agus do leantóir go críochnúil i gcónaí sula lainseáiltear;
- Ba chóir trealamh slatiascaireachta, eangaí agus buataisí ceathrún san áireamh, a ní agus a thriomú go críochnúil sula n-úsáidtear iad ar thuras iascaireachta;
- Ba chóir go n-úsáidfeadh slatiascairí baoite bréige in ionad baoite beo;
- Seachain báid/innill a lainseáil ar níos mó ná uiscebhealach amháin. Bain úsáid as báid a fhaightear go háitiúil ar cíos más féidir.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra:

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
Plás Íle
Baile Átha Cliath 2
D02 TW98

Teileafón: +353 (0)1 888 3242
Íosghlao: 1890 383 000
Facs: +353 (0)1 888 3272
Ríomh-phost:
nature.conservation@ahg.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.npws.ie

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le speicis ionracha a fháil ag www.invasivespeciesireland.com.